# Gailearaí Náisiúnta na hÉireann

## Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide 2024

| Teideal an Doiciméid | Uimhir an Doiciméid | Uimhir an Leagain | Príomhdhuine Teagmhála Freagrach | Dáta Faofa | An Chéad Dáta Athbhreithnithe Eile |
|---|---|---|---|---|---|
| **Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide 2024** | **Gailearaí Náisiúnta na hÉireann-CLRM-001-2024** | **Athbhreithniú 1** | **Gillian De Marco** | **02/12/24** | **30/06/25** |
| **Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide 2022** | **Gailearaí Náisiúnta na hÉireann-CLRM-001-2022** | **Athbhreithniú 0 (Bunaidh)** | **Andrew Hetherington** | **29/09/23** | **30/09/24** |

| | |
|---|---|
| Faomhadh: | 1. Stiúrthóir<br>2. ELT |
| Stair an Leasaithe: | Codanna Curtha Leis / Scriosta/ Leasaithe: |
| 28/06/2024 | Cuireadh sonraí leis an doiciméad faoi na ceannteidil seo a leanas;<br>• *Earraí Aonúsáide*<br>• *Tógáil*<br>• *Uisce*<br>• *Páipéar*<br>• *Dramhaíl Bhia*<br>• *Pleanáil Stoc Tógála*<br>• *Suiteáil bonneagair luchtaithe* |

Sínithe: Caroline Campbell

Stiúrthóir

Dáta: 02/12/24

# Clár na nÁbhar


**1. Teachtaireacht ón Stiúrthóir** ... **3**

**2. Réamhrá** ... **5**

**2.1 Réimsí fócais** ... **7**

Ár spriocanna ... 7

Ár ndaoine ... 7

Ár modhanna oibre ... 8

Ár bhFoirgnimh agus Feithiclí ... 8

Ár mBearna idir Dul Chun Cinn Reatha agus Dul Chun Cinn Is Mian Linn a Bhaint Amach ... 8

**3. Ár spriocanna** ... **10**

3.1 An sprioc laghdaithe astaíochtaí carbóin a bhaint amach (laghdú 51% faoin mbliain 2030) ... 10

3.2 An Sprioc um Éifeachtúlacht Fuinnimh a Bhaint Amach (Feabhas 50% faoi 2030) ... 12

**3.3 Ár nDul Chun Cinn go dtí Seo** ... **13**

**3.4 An Bhearna Astaíochtaí GCT a Laghdú** ... **17**

**4. Ár nDaoine** ... **19**

**4.1 Ceannaireacht agus Rialachas le haghaidh Gníomhú ar son na hAeráide** ... **19**

**4.2 Foireann a Fostú agus Oiliúint a Chur Orthu** ... **24**

**5. Ár modhanna oibre** ... **28**

**5.1 An úsáid a bhaintear as páipéar a laghdú agus athrú chuig próisis dhigiteacha** ... **29**

**5.2 Córais Bhainistíochta Fuinnimh agus Comhshaoil agus Creidiúnú** ... **29**

**5.3 Soláthar Poiblí Glas** ... **30**

**5.4 Bainistíocht Dramhaíola Bia** ... **31**

**6 Ár bhFoirgnimh agus Feithiclí** ... **32**

**6.1 Ár bhfoirgnimh** ... **32**

**6.2 Ár bhFeithiclí** ... **33**

**6.3 Oiriúnach do rothair** ... **33**

**7 Achoimre ar na Chéad Chéimeanna Eile** ... **35**

1. An Chéim Phleanála (Bliain 1) ... 35
2. Monatóireacht agus Tuairisciú (Blianta 1-8) ... 35
3. Oideachas agus Oiliúint (Blianta 1-8) ... 35
4. Feabhsuithe éifeachtúlachta fuinnimh (Blianta 2-4) ... 36
5. Teicneolaíocht fuinnimh in-athnuaite (Blianta 3-4) ... 37

**Aguisín a hAon – Comhlíonadh agus Ceanglais Dlí** ... **38**

## 1. Teachtaireacht ón Stiúrthóir

A chomhghleacaithe agus a pháirtithe leasmhara, a chairde,

Tá áthas orm Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide 2024 de chuid Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann a chur i láthair. Tugtar achoimre sa Treochlár seo ar phleananna an Ghailearaí chun laghdú 51% ar astaíochtaí Gáis Cheaptha Teasa a bhaint amach faoin mbliain 2030, méadú 50% ar fheabhsú na héifeachtúlachta fuinnimh a bhaint amach faoin mbliain 2030 agus astaíochtaí glan-nialasacha a bhaineann le fuinneamh a bhaint amach faoin mbliain 2050 nó níos luaithe.

Mar Fhoras Cultúrtha Náisiúnta, táimid meáite ar cheannaireacht a thabhairt le dea-shampla trínár dtiomantas do ghníomhú ar son na haeráide agus an tionchar dearfach a d'fhéadfadh a bheith ag cleachtais inbhuanaithe ar an gcomhshaol a léiriú. Mar chomhlacht earnála poiblí, táimid tiomanta do thacú le hiarrachtaí an Rialtais a spriocanna laghdaithe astaíochtaí a bhaint amach agus aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin. Agus mar cheann de na nithe is mó díol spéise saor in aisce do chuairteoirí sa tír, táimid tiomanta freisin d'éifeachtúlacht fuinnimh agus d'úsáid fuinnimh ísealcharbóin agus fuinneamh in-athnuaite a chur chun cinn dár bpáirtithe leasmhara go léir.

Tá ár dTreochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide ag teacht leis an bPlean um Ghníomhú ar son na hAeráide (CAP21) agus le Sainordú Gníomhaíochta Aeráide na hEarnála Poiblí. Leagtar amach ann raon gníomhaíochtaí a chuirfimid i bhfeidhm, a thomhaisfimid agus a mheasfaimid chun ár n-astaíochtaí a laghdú nuair is féidir agus nuair atá sé faoinár smacht é sin a dhéanamh. Is gné lárnach dár

ngníomhaíochtaí í éifeachtúlacht fuinnimh agus cé go n-aithnímid gur dúshlán é éifeachtúlacht fuinnimh an Ghailearaí a fheabhsú tuilleadh, tá sé ríthábhachtach.

Áirítear leis na bearta sin ár gcórais soilsithe, téimh agus fuaraithe a uasghrádú, córais bhainistíochta fuinnimh a chur i bhfeidhm, agus cleachtais inbhuanaithe a chur chun cinn gach uile dheis a fhaighimid.

Sa bhliain 2024, infheisteoidh an Gailearaí in uasghráduithe soilsithe LED, oibreoidh sé le hOifig na nOibreacha Poiblí agus le hailtirí ábhartha ar Uimhir 7 agus Tithe 88-90, agus ar laethanta oiliúna / feasachta foirne.

Is príomh-chomhpháirtithe iad Oifig na nOibreacha Poiblí agus an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán in oibriú agus i bhforbairt fhoirgnimh an Ghailearaí agus i gcur i gcrích na céime deiridh de Mháistirphlean Forbartha an Ghailearaí. Dá bhrí sinn, is gníomhairí ríthábhachtacha iad do rathúlacht an Treochláir seo.

Is doiciméad beo é an Treochlár. Nuashonrófar é ag deireadh mhí an Mheithimh 2025 agus go bliantúil ina dhiaidh sin.

an Dr Caroline Campbell,
Stiúrthóir
Gailearaí Náisiúnta na hÉireann

## 2. Réamhrá

Gealladh sa Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2021 (CAP21) nach mór do gach comhlacht san earnáil phoiblí Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide a chur i gcrích faoi dheireadh na bliana 2022. Doiciméad is ea Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide ina chuirtear in iúl an chaoi a bhfuil sé mar aidhm ag gach comhlacht earnála poiblí ceanglais an tSainordaithe um Ghníomhú ar son na hAeráide 2022 (an Sainordú) a chomhlíonadh agus a spriocanna éifeachtúlachta carbóin agus fuinnimh 2030 a bhaint amach. Ba cheart é a athbhreithniú go rialta agus a nuashonrú chun sainordaithe athbhreithnithe a léiriú, m.sh. “Sainordú Treorach do Threochláir um Ghníomhú ar son na hAeráide 2024 do Chomhlachtaí san Earnáil Phoiblí”.

Ina dTreochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide, ba cheart do chomhlachtaí poiblí an aird is mó a dhíriú ar a bpleananna chun astaíochtaí iomlána a bhaineann le fuinneamh agus astaíochtaí a bhaineann le breosla iontaise óna n-oibríochtaí a laghdú i gcomhréir leis na spriocanna i CAP21.

Is é atá sa doiciméad seo ná Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide 2024 de chuid Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann (an Treochlár). Díríonn sé ar ár n-astaíochtaí gáis cheaptha teasa laistigh dár n-oibríochtaí, i gcomhréir leis an sprioc de laghdú iomlán 51% faoin mbliain 2030. Tá an Treochlár seo ag teacht lenár bhfís maidir leis na gníomhartha agus na spriocanna aeráide atá leagtha amach againn dúinn féin a bhaint amach.

Tá an Treochlár faofa ag Stiúrthóir Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann. Déanfaidh an feidhmeannach é a athbhreithniú agus a nuashonrú go

bliantúil agus cuirfidh an feidhmeannach faoi bhráid an Stiúrthóra agus an Bhoird é freisin lena cheadú. Déanfaidh an t-athbhreithniú bliantúil measúnú ar ár ndul chun cinn, tuairisceoidh sé ar an mbearna idir ár ndul chun cinn reatha agus an dul chun cinn is mian linn a bhaint amach agus cuimseofar aon nuashonruithe ar an bPlean Náisiúnta um Ghníomhú ar son na hAeráide, an Sainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide don Earnáil Phoiblí agus athruithe ar Threoir do Threochláir. Tuairiscítear ár ngníomhaíochtaí inár dtuarascáil bhliantúil ón mbliain 2023 ar aghaidh.

## 2.1 Réimsí fócais

### Ár spriocanna

Tá sé mar aidhm ag an nGailearaí na spriocanna laghdaithe astaíochtaí agus éifeachtúlachta fuinnimh a bhaint amach, lena n-áirítear:

- laghdú 51% ar astaíochtaí Gáis Cheaptha Teasa a bhaineann le fuinneamh sa bhliain 2030 (bunlíne 2016-2018),
- méadú 50% ar fheabhsú na héifeachtúlachta fuinnimh faoin mbliain 2030 (bunlíne 2009), agus
- sprioc astaíochtaí nialasacha a bhaineann le fuinneamh don bhliain 2050 ar a dhéanaí.

### Ár ndaoine

Tá Cosantóir Aeráide agus Inbhuanaitheachta, Oifigeach Feidhmíochta Fuinnimh agus Foireann Ghlas an Ghailearaí ceaptha ag an nGailearaí. Ina dhiaidh sin, bhunaigh an Gailearaí grúpa oibre, ina bhfuil ionadaíocht ó gach réimse den eagraíocht, chun beocht a chur i dtionscnaimh ar fud a chuid oibríochtaí. I dteannta le chéile, tá an dá ghrúpa dírithe ar fheabhsuithe bainistíochta, teicneolaíochta agus iompraíochta a sholáthar a chuideoidh leis an nGailearaí a spriocanna gníomhaithe aeráide a bhaint amach.  Tá siad freagrach as forbairt inbhuanaithe a threorú laistigh den Ghailearaí trí fheasacht agus rannpháirtíocht a spreagadh agus trí oiliúint chuí a rolladh amach don fhoireann ar fad chun a chinntiú go bhfuil inbhuanaitheacht fite fuaite inár modhanna oibre.

## Ár modhanna oibre

Áireofar le modhanna oibre an Ghailearaí rannpháirtíocht foirne agus comhtháthú ár ngníomhartha inár bpleanáil ghnó, inár spriocanna agus inár gcuspóirí. Áirítear leo freisin dea-chleachtais a chur chun cinn sa Ghailearaí, san oifig, san oifig bhaile agus sa saol laethúil, agus tacaíocht á cur ar fáil dár bhfoireann trí oiliúint chuí. Déanfaimid measúnú ar na feabhsuithe a rinneadh trínár ngníomhartha agus leanfaimid orainn ag tuairisciú ár n-astaíochtaí Gáis Cheaptha Teasa agus ár n-ídiú fuinnimh, agus ár sonraí á gcur ar ais chuig Córas Monatóireachta agus Tuairiscithe an SEAI de réir mar is gá.

## Ár bhFoirgnimh agus Feithiclí

Is é an córas téimh, aerála agus aerchóirithe (HVAC) is mó a chuireann le hastaíochtaí carbóin, atá cumhachtaithe ag coirí gáis nádúrtha agus ár nAonad Teasa agus Cumhachta Comhcheangailte. San fhadtéarma, tá sé i gceist againn aistriú go foinse giniúna fuinnimh atá ag teacht leis an bplean náisiúnta dícharbónaithe. D'fhonn é seo a bhaint amach, forbróimid plean buiséid caipitil agus tacaíocht d'iarrachtaí dícharbónaithe le hOifig na nOibreacha Poiblí agus leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Agus dul chun cinn á dhéanamh againn, léirímid ár nDeimhnithe Fuinnimh nuashonraithe (DEC) sa Ghailearaí.

## Ár mBearna idir Dul Chun Cinn Reatha agus Dul Chun Cinn Is Mian Linn a Bhaint Amach

Cuireann na sonraí ídithe fuinnimh a bhailíonn an Gailearaí le Córas Monatóireachta agus Tuairiscithe an SEAI, rud a chuidíonn ansin lenár dtuairisciú bliantúil ar an mbearna idir dul chun cinn reatha agus dul chun cinn is mian linn a bhaint amach. Baineann SEAI úsáid as na

sonraí Monatóireachta agus Tuairiscithe chun an bhearna idir dul chun cinn reatha agus dul chun cinn is mian linn a bhaint amach maidir le dícharbónú a mhúnlú thar an tréimhse go dtí an bhliain 2030. Cuidíonn sé seo linn ár sprioc astaíochtaí Gáis Cheaptha Teasa go dtí an bhliain 2030 a aithint. Cuidíonn sé leis an nGailearaí freisin tionchar ár ngníomhartha a mhúnlú agus a thuairisciú, athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar an mbearna idir dul chun cinn reatha agus dul chun cinn is mian linn a bhaint amach agus conairí astaíochtaí amach anseo a mheas.

## 3. Ár spriocanna

Tugann *An tAcht um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Ísealcharbóin (Leasú) 2021* agus ceanglais chomhlíonta eile (Féach Aguisín a hAon) bonn dlíthiúil do ghníomhaíocht aeráide de chuid na hearnála poiblí. Leagtar amach sa Sainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide na spriocanna laghdaithe astaíochtaí agus éifeachtúlachta fuinnimh seo a leanas do chomhlachtaí poiblí:

- Laghdú 51% ar astaíochtaí Gáis Cheaptha Teasa sa bhliain 2030 (bunlíne 2016-2018), spriocanna leagtha síos d'astaíochtaí teirmeacha agus iomlána araon.
- Feabhas 50% ar éifeachtúlacht fuinnimh faoin mbliain 2030 (bunlíne 2009).
- Sprioc glan-astaíochtaí nialasacha a bhaineann le fuinneamh don bhliain 2050 ar a dhéanaí.

### 3.1 An sprioc laghdaithe astaíochtaí carbóin a bhaint amach (laghdú 51% faoin mbliain 2030)

Tá an sprioc astaíochtaí gáis cheaptha teasa bunaithe ar astaíochtaí coibhéiseacha dí-ocsaíd charbóin a bhaineann le fuinneamh, agus is é meán-bhunlíne astaíochtaí 2016-2018 an meánleibhéal. Éilíonn sé astaíochtaí fuinnimh, do théamh agus iompar, agus astaíochtaí foriomlána a bhaineann le fuinneamh (lena n-áirítear leictreachas) a laghdú faoi 51%. Ligeann taifid Chóras Monatóireachta agus Tuairiscithe an SEAI don tréimhse seo don Ghailearaí ár mbunlíne a leagan síos.

Tá an bailiúchán mínealaíne is mó sa tír suite sa Ghailearaí. Mar chaomhnóirí, tá dualgas orainn a chinntiú go gcomhlíontar na coinníollacha comhshaoil maidir le taispeáint agus stóráil an Bhailiúcháin. Tá sé ríthábhachtach go gcoimeádtar an Bailiúchán, i dtimpeallacht, ina bhfuil go leor soilsiú chun saothair a thaispeáint

chomh maith agus is féidir, an raon teochta idir 19 agus 22°C a choinneáil agus bogthaise choibhneasta (RH) a rialú laistigh de na paraiméadair 55% (+/- 5 %).

Sa bhliain 2021, bunaíodh Grúpa Ildisciplíneach Aeráide an Ghailearaí (an Grúpa) mar iarracht bogadh i dtreo aeráid mhúsaeim níos inbhuanaithe. Ar an nGrúpa, bhí foireann ón Roinn Caomhantais, Bainistíocht Saoráidí agus Innealtóirí Oifig na nOibreacha Poiblí. Bhí sé mar aidhm ag an nGrúpa bealaí a aithint chun ídiú fuinnimh a laghdú agus teorainneacha sábháilte agus inbhuanaithe a iniúchadh chun an Bailiúchán a chaomhnú. Chreid an Grúpa gur féidir aeráid Ghailearaí níos inbhuanaithe a bhaint amach trínár gcórais soilsithe agus téimh a rith agus a rialú go héifeachtach agus trí infheistíocht bhreise sna réimsí seo.

Tá comhoibriú agus plé ildisciplíneach le páirtithe leasmhara agus malartú eolais le músaeim agus le forais idirnáisiúnta ríthábhachtach don Ghailearaí chun tuiscint a chothú agus tacaíocht a fháil ina chuid iarrachtaí inbhuanaitheacht níos fearr a bhaint amach. Éilíonn an cineál taighde agus comhoibrithe seo infheistíocht ama agus iarracht chun teacht ar chomhaontuithe agus réitigh theicniúla a bhunú.

Chuige seo, tá nasc déanta ag an nGailearaí leis an Dr. Nina Quabeck, Ceann Caomhantais ag an Kunstsammlung Nordrhein-Westfalen sa Ghearmáin. Tá léargas roinnte aici ar iarrachtaí a músaeim chun astaíochtaí a laghdú trí pharaiméadair aeráide a mhaolú. Reáchtáladh díospóireachtaí freisin ar chleachtais inbhuanaithe músaeim le hinstitiúidí CNCI, lena n-áirítear Ard-Mhúsaem na hÉireann, An Leabharlann Náisiúnta, agus Ard-Mhúsaem Thuaisceart Éireann. Ina theannta sin, d’éascaigh cruinnithe le comhghleacaithe Eorpacha ón

Rijksmuseum agus ó Institiúid Doerner malartú eolais ar leibhéil aeráide agus iniúchadh beart chun ídiú fuinnimh a laghdú agus paraiméadair shábháilte aeráide á gcoinneáil do bhailiúcháin.

Déanfar na gnéithe go léir thuas a mheas agus a chur san áireamh i bpróiseas pleanála an Ghailearaí chun an sprioc laghdaithe astaíochtaí carbóin a bhaint amach.

## 3.2 An Sprioc um Éifeachtúlacht Fuinnimh a Bhaint Amach (Feabhas 50% faoi 2030)

Sa bhliain 2009, leagadh síos laghduithe sprice éifeachtúlachta fuinnimh don Ghailearaí. Maidir leis an mbunlíne éifeachtúlachta fuinnimh, rinne Córas Monatóireachta agus Tuairiscithe an SEAI (M&R) taifead ar bhunlíne EnPI de 361 KWh/$m^2$ (2009). Faoi dheireadh 2021, bhí laghdú 46.7% bainte amach ag an nGailearaí maidir le héifeachtúlacht fuinnimh ón mbliain 2009, rud a d'ísligh an úsáid tosaigh do bhunlíne nua EnPI de 193 KWh/$m^2$. Tá sé mar aidhm ag an nGailearaí an sprioc 50% EnPI de 181 KWh/$m^2$ a bhaint amach tamall maith roimh an spriocdháta 2030.

Agus iad ag obair i gcomhar le chéile, tá Oifig na nOibreacha Poiblí agus an Gailearaí ag fiosrú deiseanna a easraíonn as an iniúchadh fuinnimh agus foirgnimh chun feabhas a chur ar an Rátáil Fuinnimh Foirgneamh F reatha. Rachaidh an Gailearaí i mbun plé freisin le hOifig na nOibreacha Poiblí chun sceideal tionscadail a shonrú suas go dtí an bhliain 2030, lena n-áirítear gníomhartha sonracha, amlínte, riachtanais mhaoinithe, agus freagrachtaí. Le chéile, d'aithníomar na tionscadail seo a leanas, ar féidir tabhairt fúthu chun cabhrú lenár spriocanna a bhaint amach:

- Sa bhliain 2024, suiteálfar soilsiú LED i seomraí 6-10, i seomraí 25-

30, i dTeach Uimhir 5, agus sa Lárionad Fuinnimh.

- Comhlaí radaitheora teirmeastatacha a shuiteáil.
- Deiseanna a aithint maidir le héifeachtúlacht fuinnimh feabhsaithe trí insliú duchtanna agus píopaí, uasghráduithe coirí agus ardrialuithe.
- Athbhreithniú ar an Máistirphlean Forbartha (MDP) agus béim á cur ar theicneolaíochtaí meicniúla agus leictreacha inbhuanaithe agus a gcomhtháthú. Sa bhliain 2024, beidh plé leanúnach againn leis na hailtirí ar conradh don Mháistirphlean Forbartha maidir le teicneolaíochtaí inbhuanaithe.
- Taighde a dhéanamh ar Ardteicneolaíochtaí Monatóireachta agus Rialaithe Fuinnimh.
- Rannpháirtíocht foirne trí na feachtais ‘Laghdaigh D’Úsáid’ agus ‘Barrfheabhsaigh Cumhacht @ an Ionad Oibre’. Sa bhliain 2024, cuirfimid ‘Laghdaigh D’Úsáid’ agus ‘Barrfheabhsaigh Cumhacht @ an Ionad Oibre’ i bhfeidhm i gcomhar le Laethanta Feasachta Aeráide na Foirne.

Leanfaidh an Gailearaí le feabhsú a anailíse ar ídiú fuinnimh trí úsáid á bhaint as uirlis Bearna-go-Sprioc an SEAI. Cuideoidh sé seo le gníomhaíochtaí nó áiteanna ardúsáide fuinnimh a aithint agus aon riachtanais a gcaithfear dul i ngleic leo a chinneadh. Nuair a aithnítear bearnaí, scrúdóidh an Gailearaí níos mó conairí éifeachtúlachta fuinnimh trí thionscadail ar leith i gcomhar le hOifig na nOibreacha Poiblí.

## 3.3 Ár nDul Chun Cinn go dtí Seo


Cuimsíonn Córas Monatóireachta agus Tuairiscithe na hEarnála Poiblí (M&R) de chuid an SEAI sonraí 2023 a eisíodh le déanaí a cheadaíonn do shamhaltú laghduithe carbóin agus fuinnimh an Ghailearaí i dtreo

spriocanna 2030. Léiríonn na tuarascálacha seo príomhtháscairí feidhmíochta do dhul chun cinn an Ghailearaí i dtreo spriocanna astaíochtaí fuinnimh agus gáis cheaptha teasa (GCT). Chomh maith leis sin, léiríonn siad an chaoi ar athraigh astaíochtaí agus éifeachtúlacht fuinnimh an Ghailearaí le himeacht ama.

**Astaíochtaí $CO_2$ Iontaiseacha**

Sa bhliain 2023, b'ionann astaíochtaí iontaiseacha $CO_2$ agus 962,754 $kgCO_2$, atá 7.9% os cionn na bunlíne de 892,432 $kgCO_2$.

*Cairt a hAon: Sprioc $CO_2$ Iontaise*





Chun sprioc 2030 de 437,292 $kgCO_2$ a bhaint amach, ní mór astaíochtaí $CO_2$ iontaise a laghdú faoi 54.6% ó leibhéal 2023 laistigh de 7 mbliana.

**Astaíochtaí Iomlána $CO_2$**

Sa bhliain 2023, b'ionann astaíochtaí iomlána $CO_2$ agus 1,938,162 $kgCO_2$, atá 19.1% os cionn na bunlíne de 2,394,281 $kgCO_2$.

*Cairt a Dó: Sprioc $CO_2$ Iomlán*





Chun sprioc 2030 de 758,978 $kgCO_2$ a bhaint amach, ní mór astaíochtaí $CO_2$ iomlána a laghdú faoi 60.8% ó leibhéal 2023 laistigh de 7 mbliana.

## Éifeachtúlacht Fuinnimh


Faoin mbliain 2023, bhí feabhas 32.6% tagtha ar fheidhmiúlacht fuinnimh ón mbunlíne.

*Cairt a Trí: Sprioc Éifeachtúlachta Fuinnimh*





Chun sprioc éifeachtúlachta 2030 de 50.0 a bhaint amach, ní mór feabhas a chur ar fheidhmíocht fuinnimh faoi 17.4 pointe céatadáin laistigh de 7 mbliana.


*Tábla a hAon: Léargas Ginearálta ar Shonraí Fuinnimh do na blianta 2022 agus 2023*





Áirítear le fuinneamh teirmeach breoslaí iontaise agus in-athnuaite (leachtanna, gáis agus solaid) a úsáidtear chun críochta téimh agus neamhiompair eile.



Áirítear le breoslaí iompair breoslaí iontaise agus in-athnuaite (leachtanna agus gáis) a úsáidtear i bhfeithiclí de gach cineál.




Leictreachas a ghintear ó fhoinsí iontaise agus in-athnuaite, lena n-áirítear leictreachas a úsáidtear sa téamh agus san iompar.




An fuinneamh ar fad a úsáideann an eagraíocht, lena n-áirítear fuinneamh teirmeach, breoslaí iompair agus leictreachas, idir fhoinsí iontaise agus in-athnuaite.

**Foinse:** *An tuarascáil "Spriocanna Fuinnimh agus GCT - Príomhtháscairí" (Tuarascáil Mhonatóireachta agus Tuairiscithe PSO-R03) don Ghailearaí Náisiúnta (PSO-00346). Arna cruthú an 26 Samhain, 2024, agus tuairiscítear sonraí sealadacha inti don bhliain 2023.*

## 3.4 An Bhearna Astaíochtaí GCT a Laghdú

Tá a fhios ag an nGailearaí go bhfuil gá le gníomhaíocht shuntasach roimh 2030 má táimid chun laghdú 51% a bhaint ar astaíochtaí GCT a bhaineann le fuinneamh sa bhliain 2030 (bunaithe ar an mbunlíne 2016-2018). Sna blianta 2024 agus 2025, le cúnamh ó

shainchomhairleoir, déanfaimid measúnú ar na gníomhartha atá ag teastáil chun ár spriocanna astaíochtaí GCT a bhaint amach. Is éard a bheidh i gceist leis an measúnú seo ná na daoine agus na hacmhainní airgeadais breise atá ag teastáil a aithint, ár n-ullmhacht don tionscadal a mheas agus na hamlínte ábhartha a bhunú chun na spriocanna a bhaint amach.

# 4. Ár nDaoine

## 4.1 Ceannaireacht agus Rialachas le haghaidh Gníomhú ar son na hAeráide

Tuairiscíonn Foireann Ghlas an Ghailearaí do Stiúrthóir an Ghailearaí a fhaigheann tacaíocht ón bhFoireann Ceannaireachta Feidhmiúcháin (ELT).

Tuairiscíonn an Stiúrthóir do Bhord Gobharnóirí agus Caomhnóirí Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann.

### Cosantóir Aeráide agus Inbhuanaitheachta

Sa bhliain 2024, cheap an ELT **Gillian De Marco, Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha,** chuig post mar **Chosantóir Aeráide agus Inbhuanaitheachta (C&SC)**. Tá an C&SC freagrach as an Sainordú a chur i bhfeidhm agus tuairisciú ar an Sainordú agus ní mór dóibh a bheith ina mball de ELT an Ghailearaí.

### Oifigeach Feidhmíochta Fuinnimh

D'ainmnigh an ELT **Christiaan Clotworthy, Ceann Oibríochtaí** chun gníomhú mar **Oifigeach Feidhmíochta Fuinnimh (EPO**).Tá cumhachtaí cinnteoireachta ag an EPO maidir le bainistiú saoráidí, buiséid chorparáideacha agus soláthar, chomh maith le bheith freagrach as tuairisciú corparáideach agus airgeadais. Is éard a dhéanfaidh siad:

- Forbairt ár bPlean Bainistíochta Fuinnimh a threorú mar chuid lárnach dár bpróisis Pleanála Gnó agus Bainistíochta Feidhmíochta.
- Cur i bhfeidhm na ngníomhartha agus na dtionscadal a comhaontaíodh faoinár bPlean Bainistíochta Fuinnimh a spreagadh.
- Freagracht shoiléir a shannadh as ár bPlean Bainistíochta

Fuinnimh a chur i bhfeidhm agus a chinntiú go bhfuil an oiliúint agus an tacaíocht riachtanach ag an bhfoireann chun na tascanna sin a dhéanamh.

- A chinntiú go socrófar ár spriocanna coigilte fuinnimh bliantúla.
- Tapúlacht agus caighdeán ár dtuarascálacha sonraí bliantúla chuig Fuinneamh Earnála Poiblí an SEAI a chinntiú.
- Tascanna a tharmligean mar chuid de shocrú spriocanna bliantúla faoi Chóras Monatóireachta agus Tuairiscithe Feidhmíochta an SEAI.
- A chinntiú go gcuirtear sonraí an Ghailearaí isteach i gCóras Monatóireachta agus Tuairiscithe an SEAI.
- A chinntiú go gcuirtear ár dtuarascáil ar fáil go tráthúil don Mheabhrán Bliantúil don Rialtas ar chur i bhfeidhm na Straitéise seo.

### Foireann Ghlas an Ghailearaí

Tá Foireann Ghlas an Ghailearaí curtha ar bun ag an nGailearaí, a thuairiscíonn don ELT. Feidhmeoidh an Fhoireann Ghlas mar spreagthóirí comhtháite na hinbhuanaitheachta laistigh den Ghailearaí. Tá na *Téarmaí Tagartha* do choiste na Foirne Glaise ceadaithe ag ELT Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann agus an Bord Gobharnóirí agus Caomhnóirí; tá feidhmeannach ceaptha acu freisin chun tús a chur le hobair na Foirne Glaise.

Áirítear ar fhreagrachtaí Fhoireann Ghlas an Ghailearaí:

- Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide de chuid an Ghailearaí a ullmhú agus a athbhreithniú ar bhonn bliantúil.
- Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide an Ghailearaí a chur i láthair an Stiúrthóra agus an Bhoird Gobharnóirí agus

Caomhnóirí lena fhaomhadh.

- Beartas Inbhuanaitheachta a fhorbairt agus a chur i láthair an Stiúrthóra agus an Bhoird Gobharnóirí agus Caomhnóirí lena fhaomhadh.
- Sruthanna oibre teicniúla na Foirne Glaise a leagan amach, lena n-áirítear ceardlanna/imeachtaí bliantúla.
- Díriú ar dhícharbónú fuinnimh agus na céimeanna is gá a leagan amach chun ár spriocanna 2030 a bhaint amach nó a shárú.
- Tionscadail straitéiseacha bearna-go-sprioc a aithint chun lorg carbóin a laghdú.
- Beartas Laghdaigh D'Úsáid (RYU) de chuid an Ghailearaí a chur i bhfeidhm.
- Grúpa Oibre de Chosantóirí Inbhuanaitheachta áitiúla a bhunú chun feasacht agus rannpháirtíocht a spreagadh leis an bhfoireann ar fad.

Is iad baill Fhoireann Ghlas an Ghailearaí


| **Ainm** | **Ról agus Freagracht** | **Seoladh Ríomhphoist** |
|---|---|---|
| Gillian De Marco – Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha | Cosantóir Aeráide agus Inbhuanaitheachta (C&SC) Ball ELT agus tuairiscíonn sí go díreach don Stiúrthóir. | GDeMarco@ngi.ie |
| Christiaan Clotworthy – Ceann Oibríochtaí | Oifigeach Feidhmíochta Fuinnimh (EPO). Maoirsíonn sé cur i bhfeidhm straitéiseach an Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide maidir le | cclotworthy@ngi.ie |

| Ainm | Ról agus Freagracht | Seoladh Ríomhphoist |
|---|---|---|
| | hoibreacha caipitil amach anseo. | |
| Andrew Hetherington – Ceannasaí Forbartha Lucht Féachana agus Rannpháirtíochta le Páirtithe Leasmhara | Ball ELT agus tuairiscíonn sí go díreach don Stiúrthóir. | ahetherington@ngi.ie |
| Ciaran Troy – Bainisteoir Saoráidí | Bainistíonn sé Saoráidí agus Fuinneamh trí choigilteas oibriúcháin a aithint, trí ghléasra agus seirbhísí atá ann cheana a uasghrádú, agus trí thacú leis an bPlean um Ghníomhú ar son na hAeráide. | ctroy@ngi.ie |
| Bernadette Kenny – Comhpháirtí Gnó Airgeadais | Buiséadú agus soláthar don Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide. | bkenny@ngi.ie |
| Muirne Lydon - Caomhnóir | Cosaint chomhshaoil an Bhailiúcháin. | mlydon@ngi.ie |
| Anne Hodge – Coimeádaí | Cleachtais inbhuanaithe i dtaispeántais shealadacha. | ahodge@ngi.ie |
| Jane Brennan – Ceannasaí Dlí agus | Comhlíonadh agus tuairisciú. | jbrennan@ngi.ie |

| Ainm | Ról agus Freagracht | Seoladh Ríomhphoist |
|---|---|---|
| Riosca | | |
| Lucy Mokua – Comhordaitheoir Laghdaigh D'Úsáid | Comhordaitheoir tionscnamh agus gníomhaíochtaí uile na Foirne Glaise. | LMokua@ngi.ie |

Féach le do thoil *Téarmaí Tagartha Fhoireann Ghlas Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann* chun tuilleadh sonraí a fháil faoin bhFoireann Ghlas.

*Cairt a Ceathair: Struchtúr Rialachais*




## 4.2 Foireann a Fostú agus Oiliúint a Chur Orthu

Sa bhliain 2024, déanfaidh an Fhoireann Ghlas cur i láthair don fhoireann ar fad ag Halla Baile. Cuimseoidh an cur i láthair seo cuireadh d'oibrithe deonacha a bheith páirteach i nGrúpa Oibre Glas agus a bheith ina gCosantóirí Inbhuanaitheachta áitiúla, a bhfuil sé mar chuspóir acu cleachtais inbhuanaithe a leabú i ngníomhaíochtaí oibríochtúla laethúla.

Óstálfaidh an Fhoireann Ghlas dhá Lá Feasachta Aeráide foirne ar a laghad i gcomhar le hOifig na nOibreacha Poiblí chun na Cosantóirí Inbhuanaitheachta áitiúla a chur i láthair, rannpháirtíocht foirne a spreagadh, agus chun deiseanna a roinnt don fhoireann le bheith níos

tíosaí ar fhuinneamh. Críochnóidh na laethanta feasachta seo le feidhmiú céimneach feachtais ar fud an Ghailearaí chun na cúig phríomhthionscnamh is fearr a d'fhorbair an grúpa oibre a chur chun cinn.

Déanann an Fhoireann Ghlas taighde, aithníonn sí agus cuireann sí oiliúint chuí ar fáil chun cur le heolas ar Ghníomhaíocht Aeráide i measc an ELT agus na príomhfhoirne. Tugann an Fhoireann Ghlas comhairle freisin do roinn Acmhainní Daonna an Ghailearaí maidir le hoiliúint ábhartha Gníomhaithe ar son na hAeráide a chuimsiú i bhfoghlaim agus i bhforbairt leanúnach na foirne. Ina theannta sin, cuirfear an fhoireann ar fad ar an eolas faoi fhaisnéis, oiliúint agus tacaíochtaí eile atá ar fáil go héasca.

Áirítear i bPlean Oiliúna 2024:

| Spriocghrúpa | Oiliúint/Ceardlann/Imeacht | Stádas/Trácht |
|---|---|---|
| Bord Gobharnóirí agus Caomhnóirí | • Bunrudaí Carbóin agus Fuinnimh SEAI | |
| Ceannaireacht Shinsearach | • Oiliúint Ceannaireachta Gníomhaíochta Aeráide | 50% curtha i gcrích |
| | • Cuir Chuige chun Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh Oidhreachta a Fheabhsú | |
| Foireann Ghlas | • Bainistíocht Fuinnimh – Plean Gníomhaíochta Fuinnimh a Chruthú | |
| | • Oiliúint Ceannaireachta | Curtha i gCrích |

| Spriocghrúpa | Oiliúint/Ceardlann/Imeacht | Stádas/Trácht |
|---|---|---|
| | Gníomhaíochta Aeráide | |
| | • Cuir Chuige chun Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh Oidhreachta a Fheabhsú | |
| | • Foirgnimh Atá Ann Cheana A Dhícharbónú<br>• Cruinniú Faisnéise GBM | |
| An Fhoireann Ar Fad | • Laethanta Feasachta Aeráide Foirne | Curtha i gCrích |
| | • Bunrudaí Carbóin agus Fuinnimh SEAI | Curtha ar fáil don Ghrúpa Oibre |
| | • Athrú inbhuanaithe don dícharbónú a threorú | Curtha ar fáil don Ghrúpa Oibre |
| | • Caomhnú: Cuir chuige maidir le hinbhuanaitheacht | Cuireadh tugtha don fhoireann go léir |
| | • An domhan a shábháil ó do dheasc | Curtha ar fáil don Ghrúpa Oibre |
| | • Comhdháil Inbhuanaitheachta AIB | Curtha ar fáil don Ghrúpa Oibre |
| | • Laghdaigh D'Úsáid san Earnáil Phoiblí – Clár Feasachta Fuinneamh | Curtha ar fáil don Ghrúpa Oibre |

I R4 2023, rinneadh measúnú ar úsáid na scéimeanna 'TaxSaver' agus 'Bike to Work'. Tá an Gailearaí tiomanta i gcónaí do bhealaí a aithint chun rannpháirtíocht sna scéimeanna sin a fheabhsú.

Nuair is gá, cuirfidh Foireann Ghlas an Ghailearaí faisnéis ar fáil maidir le hanailísí ar riachtanais oiliúna ar bith a rinneadh do pháirtithe leasmhara ábhartha. Déanfaidh sé measúnú freisin agus cuirfidh sí aiseolas i láthair ar ghníomhaíochtaí rannpháirtíochta foirne agus tionscnaimh oiliúna ar tugadh fúthu. Tacóidh an Gailearaí leis an bhFoireann Ghlas agus leis an bhfoireann trí am agus maoiniú a sholáthar do ghníomhaíochtaí oiriúnacha rannpháirtíochta agus deiseanna oiliúna.

## 5. Ár modhanna oibre

Sa bhliain 2024, tuairisceoidh an Gailearaí na nithe seo a leanas ina Thuarascáil Bhliantúil:

- Astaíochtaí Gáis Cheaptha Teasa reatha agus comparáid le bunlíne 2016-2018, de réir sonraí Monatóireachta agus Tuairiscithe.
- Dul chun cinn i dtreo riachtanais an tSainordaithe a chur i bhfeidhm.
- Gníomhaíochtaí Soláthair Phoiblí Ghlais a chur i bhfeidhm.
- Gníomhaíochtaí inbhuanaitheachta a thug an eagraíocht fúthu le bliain anuas.
- Fianaise ar chomhlíonadh an chiorcláin 1/2020: Nósanna imeachta chun cúiteamh a dhéanamh ar astaíochtaí a bhaineann le haerthaisteal oifigiúil.

Ina theannta sin, déanfaidh an Gailearaí na nithe seo a leanas:

- Tús a chur le plean gníomhaíochta dramhaíola a fhorbairt chun athchúrsáil a mhéadú agus giniúint dramhaíola a íoslaghdú.
- Stop a chur le cupáin, plátaí agus sceanra aon uaire a sholáthar i gceaintíní na bhfoirgneamh riaracháin.
- Ídiú uisce a laghdú, a thomhas agus monatóireacht a dhéanamh air. Plean fadtéarmach a chur i bhfeidhm chun ídiú uisce a laghdú.
- Sainchomhairleoir fuinnimh a fhostú chun dul i ngleic le sainriachtanais na heagraíochta agus cur chuige cuimsitheach a chur ar fáil maidir le hinbhuanaitheacht fhadtéarmach.
- Úsáid a bhaint as uirlis Fachtóirí Criticiúla Ratha an SEAI chun stádas na heagraíochta a mheasúnú agus, i gcomhar le hOifig na nOibreacha Poiblí, chun Cláir Deiseanna a

fhorbairt.

- An feachtas 'Laghdaigh D'Úsáid' a rolladh amach.
- Clárú le haghaidh Marc Taistil Níos Cliste.

## 5.1 An úsáid a bhaintear as páipéar a laghdú agus athrú chuig próisis dhigiteacha

Bunlíne a leagan síos maidir le húsáid pháipéir agus an dramhaíl pháipéir a ghintear a thomhas (m.sh., méid agus/nó caiteachas, amhail páipéar a fhaightear agus dramhpháipéar a bhailítear lena stialladh). Sprioc a leagan síos chun úsáid pháipéir a laghdú agus gníomhartha a aithint chun an sprioc sin a bhaint amach. Tuairisciú a dhéanamh ar na gníomhartha seo i dTuarascáil Bhliantúil 2024.

Déanfaidh an Gailearaí athbhreithniú ar a úsáid pháipéir, cinnteoidh sé go roghnaítear páipéar athchúrsáilte, agus déanfaidh sé measúnú ar dhul chun cinn i dtreo an digitithe mar an cur chuige réamhshocraithe.

Sa bhliain 2024, déanfaidh an Gailearaí córas nua a rolladh amach chun sonrascadh páipéarbhunaithe a dhigitiú, ag cur leis an gcóras digiteach atá ann cheana féin le haghaidh orduithe ceannaigh.

## 5.2 Córais Bhainistíochta Fuinnimh agus Comhshaoil agus Creidiúnú

Fiosróidh Foireann Ghlas an Ghailearaí agus Oifig na nOibreacha Poiblí an cineál córais bainistíochta fuinnimh is oiriúnaí atá beartaithe againn a chur i bhfeidhm sa Ghailearaí. Bainfear é seo amach trí:

- Measúnú ar an gcaiteachas bliantúil ar úsáid fuinnimh i gcomparáid le spriocanna.

- Spriocdháta a leagan síos chun an clár bainistíochta fuinnimh atá oiriúnach don Ghailearaí a bhaint amach.
- A aithint an mbeidh creidiúnú foirmiúil do ISO 500001 ag teastáil don chlár bainistíochta fuinnimh.

## 5.3 Soláthar Poiblí Glas

Is próiseas é an Soláthar Poiblí Glas (GPP) ina ndéanann údaráis phoiblí iarracht earraí, seirbhísí nó oibreacha a bhfuil tionchar comhshaoil laghdaithe acu a aimsiú. D'fhoilsigh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil treoir GPP agus deich sraith critéar a ghabhann leis a thacaíonn le cuimsiú cleachtais inbhuanaithe agus glasa i nósanna imeachta soláthair na hearnála poiblí.

Is iad na deich sraith critéar a foilsíodh: Feithiclí agus Seirbhísí Iompair Bóthair; Táirgí agus Seirbhísí TFC; Seirbhísí Bia agus Lónadóireachta; Seirbhísí Glantacháin Laistigh; Dearadh, Tógáil agus Bainistíocht Foirgnimh Oifige; Soilsiú Laistigh agus Lasmuigh; Trealamh Téimh; Táirgí a bhaineann le Fuinneamh agus Táirgí Páipéir agus Seirbhísí Priontála.

Cuireann Gailearaí Náisiúnta na hÉireann breithniúcháin ghlasa agus shóisialta san áireamh ag leibhéal catagóire agus a ghníomhaíochtaí soláthair phoiblí á bpleanáil aige. Déantar anailís ar gach próiseas soláthair chun deiseanna a aimsiú chun breithniúcháin glasa agus/nó shóisialta a chur san áireamh. De réir an cháis, cuirtear na breithniúcháin seo i bhfeidhm ag leibhéal cuí sa tairiscint atá i gceist. I gcás catagóirí a bhfuil tionchar comhshaoil agus/nó sóisialta ag baint leo, cuirtear ualú cuí agus breithniúcháin theicniúla i bhfeidhm sna nósanna imeachta tairisceana. Áirítear leis seo catagóirí amhail seirbhísí bia, glantachán, cumhacht agus teas, cothabháil agus

trealamh TFC agus tomhaltáin ach níl sé teoranta dóibh.

## 5.4 Bainistíocht Dramhaíola Bia

An dramhaíl bhia a ghintear in áitribh ó 2024 a thomhas agus monatóireacht a dhéanamh air, ag baint úsáide as cur chuige caighdeánaithe maidir le dramhaíl bhia a thomhas atá leagtha amach i bPrótacal/Conair na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil. Gach socrú conartha nua a bhaineann le seirbhísí ceaintín nó bia, lena n-áirítear imeachtaí agus comhdhálacha, a chuimseoidh bearta atá dírithe ar aghaidh a thabhairt ar dhramhaíl bhia, agus béim ar leith á cur ar chosc ar dhramhaíl bhia agus ar scaradh dramhaíola bia.

# 6 Ár bhFoirgnimh agus Feithiclí

Oibríonn an Gailearaí i gcomhar le hOifig na nOibreacha Poiblí ar oibriú agus forbairt ár bhfoirgneamh. Mar aon leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, is príomh-chomhpháirtithe iad d'oibriú ár bhfoirgneamh faoi láthair agus amach anseo, do chur i gcrích ár Máistirphlean Forbartha, ar a bhfuil na spriocanna seo ag brath, agus a chinntiú go gcomhlíonann ár bhfoirgnimh na ceanglais dhlíthiúla agus chomhlíonta ar fad.

## 6.1 Ár bhfoirgnimh

- Sa bhliain 2024, fuair an Gailearaí Deimhniú Fuinnimh Taispeána (DEC) cothrom le dáta ó Oifig na nOibreacha Poiblí do gach foirgneamh de chuid Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann atá oscailte don phobal. Cinnteoidh an Gailearaí go gcomhlíonfaidh aon fhoirgneamh a ligfear ar léas ár gceanglais chomhlíonta agus dhlíthiúla.
- Oibreoidh an Gailearaí le hOifig na nOibreacha Poiblí chun modhanna tógála ísealcharbóin agus ábhar stroighne ísealcharbóin a shonrú (chomh fada agus is féidir) do thionscadail tógála a fhaightear go díreach nó a fhaigheann tacaíocht ó 2024 i leith.
- Chuir an Gailearaí ár bPlean Stoc Foirgnimh Chéim a hAon isteach sa bhliain 2024.
- Rachaidh an Gailearaí i dteagmháil le hOifig na nOibreacha Poiblí lena chinntiú nach suiteálfaidh sí córais téimh a úsáideann breoslaí iontaise tar éis 2023, ach amháin má bhíonn ceann amháin ar a laghad de na heisceachtaí seo a leanas i gceist:
    - Is trí leictreachas ón eangach amháin a úsáidtear breosla

iontaise.

- Níl aon rogha malartach neamh-iontaise ann atá inmharthana go teicniúil (de ghnáth ní bhaineann sé ach le gléasanna a úsáidtear chun críocha eile seachas téamh spáis).
- Chuirfeadh suiteáil córas téimh spáis fuinnimh in-athnuaite le hastaíochtaí $CO_2$.
- Soláthraítear úsáid an bhreosla iontaise chun críocha cúltaca, buaicphointe nó oibríochta (agus is ionann é agus níos lú ná 10% den fhuinneamh téimh bhliantúil).
- Sa chás go dteastaíonn athsholáthar díreach ar théamh breosla iontaise atá ann cheana chun críocha cothabhála éigeandála.

Rachaidh an Gailearaí i gcomhairle le hOifig na nOibreacha Poiblí maidir leis na ceanglais seo má athsholáthrófar nó nuair a athsholáthrófar oibreacha córais téimh atá beartaithe. Rachaimid i gcomhairle le hOifig na nOibreacha Poiblí freisin chun riachtanais iarfheistithe ár bhfoirgneamh a aithint.

## 6.2 Ár bhFeithiclí

Ní cheannóidh nó ní thógfaidh an Gailearaí ach feithiclí astaíochtaí nialasacha ar léas nuair atá siad ar fáil agus ag teastáil ón mbliain 2023 i leith. Tugtar faoi deara go bhfuil veain amháin ag Gailearaí Náisiúnta na hÉireann ach nach bhfuil sé beartaithe a thuilleadh ceannacháin a dhéanamh sa bhliain 2024.

## 6.3 Oiriúnach do rothair

Leanfaidh an Gailearaí ar aghaidh ag cruthú áiseanna atá oiriúnach do rothair d'fhostaithe agus do chuairteoirí. Tá seastáin rothair chlúdaithe ar fáil faoi láthair do chuairteoirí agus don fhoireann ag bealach isteach

Chearnóg Mhuirfean. Sa bhliain 2024, leanfaimid orainn ag díriú ar úsáid rothar agus seirbhísí soghluaisteachta comhroinnte i measc ár bhfostaithe agus ár gcuairteoirí.

## 7 Achoimre ar na Chéad Chéimeanna Eile

1. **An Chéim Phleanála (Bliain 1)**

    - Saineolas comhairleoireachta inbhuanaitheachta a lorg (**ar siúl**).
    - Iniúchadh fuinnimh tosaigh a dhéanamh ar gach foirgneamh le hOifig na nOibreacha Poiblí (**curtha i gcrích**).
    - Straitéis dícharbónaithe a fhorbairt dár bhfoirgneamh/dár bhfoirgnimh le hOifig na nOibreacha Poiblí.
    - Spriocanna laghdaithe astaíochtaí do gach foirgneamh a shainmhíniú.
    - Coigeartuithe foirgnimh féideartha a aithint le hOifig na nOibreacha Poiblí.
    - Plean buiséid caipitil a fhorbairt agus tacaíocht a thabhairt d'iarrachtaí dícharbónaithe le hOifig na nOibreacha Poiblí agus leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

2. **Monatóireacht agus Tuairisciú (Blianta 1-8)**

    - Monatóireacht a dhéanamh ar úsáid fuinnimh agus ar astaíochtaí chun dul chun cinn i dtreo spriocanna a rianú (**leanúnach**).
    - Tionchar ár ngníomhartha a thuairisciú do pháirtithe leasmhara inár dtuarascáil bhliantúil chun cabhrú le móiminteam a choinneáil agus chun tacaíocht a chothú dár n-iarrachtaí gníomhaithe aeráide (**leanúnach**).
    - An plean bainistíochta fuinnimh a mheas agus a choigeartú de réir mar is gá bunaithe ar thorthaí monatóireachta agus tuairiscithe.

3. **Oideachas agus Oiliúint (Blianta 1-8)**

- Ceardlanna foirne, imeachtaí agus feachtais fheasachta a reáchtáil chun athruithe iompraíochta a spreagadh (**leanúnach**).
- Cláir oiliúna a fhorbairt agus a chur ar fáil chun oideachas a chur ar an bhfoireann agus ar áititheoirí foirgnimh ar éifeachtúlacht fuinnimh agus laghdú astaíochtaí (**leanúnach**).
- Rannpháirtíocht na foirne a spreagadh i dtionscnaimh um chaomhnú fuinnimh agus laghdú astaíochtaí (**leanúnach**).

4. **Feabhsuithe éifeachtúlachta fuinnimh (Blianta 2-4)**

- Gach feabhas féideartha Laghdaigh D'Úsáid a aithint (**leanúnach**).
- Nuair is gá, oibriú le hOifig na nOibreacha Poiblí chun ár gcórais rialaithe soilsithe a uasghrádú.
- Oibriú le hOifig na nOibreacha Poiblí chun feabhsuithe HVAC a fhorbairt agus rialú oibriúcháin a fhorbairt chun cur le héifeachtúlacht.
- Oibriú le hOifig na nOibreacha Poiblí chun coigeartuithe fuinnimh a chur san áireamh, atá ag teacht le Máistirphlean Forbartha Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann agus ár spriocanna inbhuanaitheacha a bhaint amach.
- Measúnú a dhéanamh ar fhéidearthacht agus cur i bhfeidhm smaointe eile le haghaidh feabhsú feidhmíochta fuinnimh.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an Máistirphlean Forbartha maidir le feidhmíocht inbhuanaitheachta le hOifig na nOibreacha Poiblí agus leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

5. **Teicneolaíocht fuinnimh in-athnuaite (Blianta 3-4)**

- Staidéir féidearthachta a dhéanamh maidir le foinsí fuinnimh in-athnuaite malartacha féideartha (caidéil teasa, fuinneamh gréine, bithbhreosla agus bithmhais).
- Más féidir/nuair is féidir, oibriú le hOifig na nOibreacha Poiblí chun aistriú chuig cineál nua giniúna cumhachta.

## Aguisín a hAon – Comhlíonadh agus Ceanglais Dlí

Ní mór don Ghailearaí a bheith ar an eolas faoi na ceanglais dhlíthiúla maidir le fuinneamh agus gníomhú aeráide agus iad seo a aithint inár dtreochlár.

Áirítear ar na ceanglais sin:

- **An tAcht um Ghníomhú ar son na hAeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú) 2021**, a éilíonn ar gach comhlacht poiblí a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh ar bhealach atá ag teacht le huaillmhian aeráide na hÉireann.
- **SI393/2021 Feidhmíocht Fuinnimh** foirgneamh, a éilíonn go suiteálfar Uathoibriú agus Rialú Foirgnimh faoin mbliain 2025, d'fhoirgnimh a bhfuil aschur rátáilte HVAC os cionn 290kW acu; éilíonn sé go suiteálfar pointí luchtaithe feithiclí leictreacha i gcarrchlóis d'fhoirgnimh nua nó athchóirithe a bhfuil níos mó ná 10 spás páirceála acu.
- **IR381/2021 Treoir maidir le Feithiclí Glana**, ina leagtar síos spriocanna maidir le soláthar feithiclí glana saothair éadroim agus tromshaothair, agus tiocfaidh an chéad sprioc sa bhliain 2025 agus an dara ceann sa bhliain 2030. Athraíonn an sainmhíniú ar fheithicil ghlan go feithiclí astaíochtaí nialasacha sa bhliain 2025.
- **IR4/2017 Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh**, lena gceanglaítear go mbeidh "beagnach astaíochtaí nialasacha" i gceist le gach foirgneamh nua de chuid na hearnála poiblí a thógtar ón mbliain 2018 i leith.
- **IR646/2016**, lena gceanglaítear nach bhfaighidh comhlachtaí poiblí ach táirgí agus feithiclí a úsáideann fuinneamh atá ar an gclár Triple E.

- **IR426/2014**, lena gceanglaítear ar an earnáil phoiblí bainistíocht fuinnimh den scoth a léiriú agus a éilíonn ar chomhlachtaí poiblí tabhairt faoi iniúchtaí fuinnimh gach ceithre bliana.